Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Aibreán 2022**
**(OR. fr)**

**7351/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0267(COD)**

**CODEC 321**
**EF 85**
**ECOFIN 243**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le córas trialach le haghaidh bonneagair mhargaidh bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 24 Meán Fómhair 2020, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 24 Feabhra 2021[2].

3. Ghlac an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí a thuairim an 23 Aibreán 2021[3].

4. An 28 Aibreán 2021, thug an Banc Ceannais Eorpach a thuairim uaidh[4].

[1] 11055/20.
[2] IO C 155, 30.4.2021, lgh. 31–37.
[3] IO C 229, 15.6.2021, lgh. 13–15.
[4] IO C 244, 22.6.2021, lgh. 4–14.

5. An 24 Márta 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[5].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 88/21 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

5 7349/22.